C/2025/3572

9.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3572)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Cereza del Jerte’

Uimh. AE: PDO-ES-0233-AM01 — 14.4.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Cereza del Jerte’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Consejería de Agricultura, Desarrollo Rural, Población y Territorio de la Junta de Extremadura [Aireacht Thalmhaíocht, Fhorbairt Tuaithe, Dhaonra agus Chríoch Rialtas Phobal Féinrialaitheach Extremadura], Dirección General de Agricultura y Ganadería [Ard-Stiúrthóireacht na Feirmeoireachta Barr agus Beostoic]

6. **Cáiliú mar leasú caighdeánach mar a shainítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143**

Is féidir an t-iarratas ar leasú a aicmiú mar iarratas caighdeánach de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Cineálacha nua silíní a chur isteach*

Cuireadh trí chineál nua silíní neamhdhúchasacha (‘Burlat’, ‘Lapins’ agus ‘Van’) sa tsonraíocht táirge mar gheall ar athruithe aeráide in Valle del Jerte le blianta beaga anuas agus mar gheall ar an ngá atá ag táirgeoirí an ATFC sin an séasúr a fhadú. Déanann an t-athrú sin difear do Ranna B, E agus F den tsonraíocht táirge agus do Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. *Leasú a bhaineann le lógó an Bhoird Rialála*

Cuireadh lógónna eile in ionad na lógónna a úsáideadh chun idirdhealú a dhéanamh idir an táirge faoi chosaint agus táirgí eile. Ní dhéanann sé sin difear ach amháin do Roinn H den tsonraíocht táirge agus do Roinn 3.7 den doiciméad aonair.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú a bhaineann leis an gcomhlacht cigireachta*

Rinneadh roinnt mionsonraí sonracha i Roinn G (Comhlacht cigireachta) a thabhairt cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Cereza del Jerte’

Uimh. AE: PDO-ES-0233-AM01 — 14.4.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Cereza del Jerte’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 08 — TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0809 — Aibreoga, silíní, péitseoga (lena n-áirítear neachtairíní), plumaí agus airní, iad úr

0809 29 — Eile

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Tá feidhm ag an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Cereza del Jerte’ go heisiach maidir le silíní boird atá le tomhailt agus iad úr, ar silíní iad de chuid na gcineálacha áitiúla seo a leanas den speiceas *Prunus avium L.*: ‘Navalinda’, ‘Ambrunés’, ‘Pico Limón Negro’, ‘Pico Negro’ agus ‘Pico Colorado’; chomh maith leis na cineálacha neamhdhúchasacha ‘Van’, ‘Lapins’ agus ‘Burlat’.

Baineann na cineálacha silíní a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint leis na cineálacha seo a leanas:

— silíní Bigarreau (‘Picotas’): na cineálacha ‘Ambrunés’, ‘Pico Negro’, ‘Pico Colorado’ agus ‘Pico Limón Negro’. Baineann cuid den táirgeadh leis an ngrúpa cineálacha silíní bigarreau; is silíní iad sin arb é an difríocht bhunúsach a bhaineann leo go scarann siad go nádúrtha ón ngas nuair a phioctar iad.

— Silíní a bhfuil gais orthu: ‘Navalinda’, ‘Van’, ‘Lapins’ agus ‘Burlat’.

A mhéid a bhaineann le saintréithe an táirge, bíonn dath scothdhearg ar na torthaí, agus bíonn na silíní fíondearg nó corcra den chuid is mó. Ag brath ar an gcineál, bíonn éagsúlacht sa bhia, atá teann agus briosc, ó dhath dearg go scothbhuí nó go dath an uachtair, agus bíonn éagsúlacht i ndath an tsú ó dhath dearg go héadathach. D’fhéadfadh cuma duán-chruthach, cothrom-cheannach, maolaithe nó fadaithe a bheith ar na torthaí. Ag brath ar an gcineál, d’fhéadfadh an chloch a bheith idir beag agus mór nó an-mhór, agus d’fhéadfadh cruth sféarúil nó fadaithe a bheith uirthi.

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar na príomhcheanglais maidir leis an méid siúcra (arna dtomhas i gcéimeanna Brix), an cruth, an íosmhéid agus pH.

CINEÁL	Méid siúcra (arna thomhas in °Bx)			Cruth	Íosmhéid	pH		
	Íosta	Uasta	Ar an meán			Íosta	Uasta	Ar an meán
Navalinda	12	21,60	14	Cothrom-cheannach	21 mm	3,80	4,70	4,25
Ambrunés	14	25,80	20	Cothrom-cheannach	21 mm	3,65	4,85	4,25
Pico Colorado	13,90	26,40	21	Fadaithe	21 mm	3,80	4,70	4,25
Pico Negro	11,80	25,60	19	Fadaithe	21 mm	3,80	4,90	4,35
Pico Limón Negro	15,40	26,80	20	Fadaithe	21 mm	3,80	4,70	4,25
Van	19,33	21,50	20,42	Duán-chruthach	21 mm	3,68	4,05	3,86
Lapins	17,27	18,23	17,75	Cothrom-cheannach	21 mm	3,67	4,35	4,01
Burlat	13,73	17,20	15,47	Cothrom-cheannach	21 mm	3,83	4,05	3,94

Is den aicme 'Breise' amháin a bheidh silíní atá faoi chosaint ATFC 'Cereza del Jerte', de réir mar a shainítear sa chaighdeán margaíochta le haghaidh silíní arna ghlacadh i Rialachán (CE) Uimh. 214/2004 ón gCoimisiún ([2]).

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Fástar an táirge sa limistéar sainithe.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim sa táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe: plandú agus saothrú, go príomha ar ghabháltais bheaga léibheannacha lena ngabhann fánaí géara a bhfuil sé deacair leas a bhaint as meicniú orthu, obair allamuigh (treabhadh, leasú, prúnáil) agus buaint de láimh.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór pacáistiú agus ullmhú le haghaidh díola a bheith de chineál a áirithíonn go ndéantar an táirge a chosaint go hiomlán. Ní mór ábhair phacáistíochta a roghnú go cúramach chun aon mheath ar an táirge a chosc. Ní mór an méid atá i ngach pacáiste a bheith aonfhoirmeach maidir lena thionscnamh, maidir lena chineál, maidir lena cháilíocht agus maidir lena mhéid agus ní mór an chuid infheicthe a bheith ionadaíoch don mhéid atá sa phacáiste.

Ní mór na silíní atá faoi chosaint ATFC 'Cereza del Jerte' a phacáistiú sa limistéar geografach sainithe. Meastar go bhfuil gá leis sin chun an cháilíocht a chosaint agus chun inrianaitheacht agus rialú a áirithiú ar fud an phróisis deimhniúcháin.

([2]) IO L 36, 7.2.2004, lch. 6.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a thaispeáint go feiceálach ar an bpacáistíocht, chomh maith leis na marcálacha dílseánaigh agus an fhaisnéis a cheanglaítear i gcoitinne leis an reachtaíocht is infheidhme.

Tá dhá leagan den lógó ag an mBord Rialála. Úsáidtear iad mar a leanas:

lógó 'Cereza del Jerte'. Féadtar an lógó seo, a thaispeántar thíos, a úsáid le haghaidh silíní a bhfuil gais orthu agus silíní bigarreau araon:



lógó 'Picota del Jerte'. Ní fhéadfar an lógó seo, a thaispeántar thíos, a úsáid ach amháin le haghaidh silíní bigarreau, ionas nach gcuirfear mearbhall ar an tomhaltóir:



Ní mór an lipéad tánaisteach uimhrithe nó an cód aitheantais arna eisiúint ag an mBord Rialála a bheith ar an bpacáistíocht ina gcuirtear na silíní ar an margadh.

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá an crios táirgeachta suite i gceantair thuaisceartacha Chúige Cáceres. Cuimsíonn an limistéar sin críoch na mbardas seo a leanas, arna ngrúpáil de réir ceantair:

— CEANTAR VALLE DEL JERTE: Barrado, Cabezuela del Valle, Cabrero, Casas del Castañar, El Torno, Jerte, Navaconcejo, Piornal, Rebollar, Tornavacas agus Valdastillas.

— CEANTAR LA VERA: Aldeanueva de la Vera, Arroyomolinos de la Vera, Cuacos de Yuste, Garganta la Olla, Gargüera, Guijo de Santa Bárbara, Jaraíz de la Vera, Pasarón de la Vera agus Torremenga.

— CEANTAR EL AMBROZ: Cabezabellosa, Casas del Monte, Gargantilla, Hervás, Jarilla agus Segura de Toro.

Ciallaíonn an nasc láidir idir cáilíocht, suíomh sléibhe na ngabháltas agus an cineál táirgthe go ndéantar an talamh agus na gabháltais seo a leanas nach bhfuil suite sa limistéar feirmeoireachta sléibhe a eisiamh ón limistéar geografach sainithe:

— gabháltais talún i gceantar La Vera atá níos lú ná 500 m os cionn leibhéal na farraige,

— gabháltais talún i gceantar Valle del Ambroz atá níos lú ná 600 m os cionn leibhéal na farraige.

Déantar an táirge a phacáil agus a ullmhú don mhargadh laistigh den limistéar táirgeachta.

5. Nasc leis an limistéar geografach

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Nasc stairiúil

Tá dlúthnasc ag an ainm 'Jerte' nó 'Valle del Jerte' le silíní, agus tá líon mór tomhaltóirí sa Spáinn a shamhlaíonn an áit beagnach go huathoibríoch le silíní mar tháirge, nó *vice versa*. Dá bhrí sin, tá cáil ar an limistéar mar gheall ar shármhaitheas a shilíní agus go háirithe mar gheall ar a 'Picotas' (silíní bigarreau).

De réir an tseanchais, is iad na hArabaigh a thug an crann silíní isteach agus is amhlaidh, tar éis na hAthghabhála, go bhfuair na lonnaitheoirí nua amach go raibh sé an-oiriúnach don talamh. Ní go dtí an 14ú haois, áfach, atá fianaise iontaofa ann gurbh ann dó.

An 2 Meitheamh 1352 stop buíon teachtaí de chuid an rí chun an oíche a chaitheamh i gceann de na sráidbhailte sa cheantar. D'ith na ridirí breac agus silíní ansin, rud a léiríonn go raibh an silín ina tháirge de cháilíocht leordhóthanach cheana féin an tráth sin chun é a thairiscint do thaistealaithe oirirce den sórt sin.

Sna céadta blianta ina dhiaidh sin, tháinig fás silíní slán agus d'éirigh go maith leis. Tagraíonn an dochtúir cáiliúil as an Spáinn, Luis de Toro, do shilíní Jerte sa 16ú haois agus díríonn sé aird ar leith orthu mar gheall ar a méid, ar a ndath agus ar a mblas.

Ba san 18ú haois, tráth a scrios galar dúigh na garráin castán, a thosaigh an crann silíní chun bheith ina fhíor-rogha eacnamaíoch. I ndeireadh na haoise sin agus ar fud an 19ú haois, leath goirt silíní in Valle del Jerte agus sa dá ghleann in aice láimhe.

I dtús na 1800idí, bhí scríbhneoirí ag maíomh cheana féin gurb é an rud is fearr faoin limistéar '... a shilíní, a bhfuil an-mheas orthu dá réir sin sa Chúirt Ríoga...' I gcaitheamh na haoise sin, leath crainn silíní chuig gach sráidbhaile, ionas go raibh iomrá ar an limistéar, i dtús an 20ú haois, mar gheall ar 'a shilíní an-bhlasta'.

Nasc nádúrtha

Go traidisiúnta, tá líon mór cineálacha á bhfás in Valle del Jerte, ar cineálacha traidisiúnta agus dúchasacha iad roinnt acu agus ar cineálacha neamhdhúchasacha iad roinnt eile.

Is cineálacha dúchasacha iad na ceithre chineál silíní bigarreau agus an cineál 'Navalinda', agus tagann siad ó Valle del Jerte nó ó ghleannta in aice láimhe de chuid Ambroz agus La Vera. Is sa réigiún seo amháin, nach mór, a fhaightear iad ós rud é gur beag an rath go dtí seo a bhí ar iarrachtaí chun iad a thabhairt isteach in áiteanna eile.

Deir údair éagsúla go bhfaightear cineálacha silíní nach bhfuil gais orthu in Valle del Jerte mar thoradh ar phróiseas fada clíomúcháin agus roghnaithe leathspreagtha ó stoic éagsúla *Prunus avium L.*, ar speiceas foraoise dúchasach é atá sna gleannta sléibhe sin ó bhí an chianaois ann.

Chomh maith leis na feabhsuithe agus an roghnú clónach a rinne áitritheoirí Jerte, is tosca comhshaoil is cúis leis an gcuid eile, ar tosca iad amhail bogthaise ard (fiú sa samhradh), na leoithní sna gleannta, an treoshuíomh, an meánsolas gréine bliantúil, an airde, an mhiocraeráid agus aigéadacht na hithreach.

Tugadh na cineálacha 'Burlat' agus 'Van' isteach in Valle del Jerte sna 1960í, agus tugadh an cineál 'Lapins' isteach sna 1980í. Léiríodh i dtaighde a rinneadh le déanaí go bhfuil saintréithe orgánaileipteacha agus bithghníomhacha araon sna torthaí a tháirgtear le cineálacha neamhdhúchasacha a fhástar in Valle del Jerte, go sonrach an cineál 'Lapins', ar saintréithe iad a idirdhealaíonn iad ó thorthaí den chineál céanna a tháirgeann crainn silíní i limistéir táirgeachta in áiteanna eile sa Spáinn.

Foirmíonn an struchtúr maoine agus na dálaí a leanann as an topagrafaíocht achrannach limistéar tírdhreachaithe de léibhinn bheaga, atá beag bídeach uaireanta, ar léibhinn iad a fhaigheann tacaíocht ó bhallaí cloiche, agus nach mór iad a shaothrú go formhór gan dul i muinín meicnithe.

Tá scileanna traidisiúnta agus saineolas teicniúil sonrach forbartha ag feirmeoirí in Valle del Jerte chun silíní a fhás de láimh. Mar gheall ar an aird a thugtar go saothrach ar na silíní aonair cuirtear le luach na silíní a shaothraítear agus a bhuaintear le dúthracht mhór agus le cúram mór.

Dá bhrí sin, cinntear saintréithe an táirge trí ábhar plandaí sonrach a úsáid, arna oiriúnú agus arna chlíomú do na dálaí comhshaoil ar ghnáthdhálaí d'abhantrach Jerte agus do na gleannta in aice láimhe iad, ach freisin trí na gnéithe speisialta de chuid córas táirgthe ina bhfuil fás silíní bainteach le traidisiúin feirmeoireachta atá bunaithe ar ghabháltais bheaga agus ar eagrú saothair teaghlaigh. Leis na feirmeacha, atá suite ar dháileachtaí talún léibheannacha de ghnáth, ar thaobhanna cnoic géara áit ina bhfuil sé deacair leas a bhaint as meicniú, is féidir an táirgeacht íseal a fhaightear a chóimheá in aghaidh cáilíocht níos fearr.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Tá feidhm ag an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Cereza del Jerte' go heisiach maidir le silíní boird, atá le tomhailt agus iad úr, ar silíní iad de na cineálacha seo a leanas den speiceas *Prunus avium L.*: 'Navalinda', 'Ambrunés', 'Pico Limón Negro', 'Pico Negro', 'Pico Colorado', 'Burlat', 'Van' agus 'Lapins'.

Bíonn dath scothdhearg ar chraiceann na dtorthaí, agus athraíonn déine an datha de réir an chineáil. Bíonn dath fíondearg nó corcra ar na silíní den chuid is mó mar gheall ar líon mór na silíní bigarreau a bhíonn sa bhuaint áitiúil, agus go háirithe mar gheall ar an gcineál Ambrunés ('banríon na silíní').

Is é an difríocht bhunúsach a bhaineann le silíní bigarreau ná go scarann siad go nádúrtha ón ngas nuair a phioctar iad, gan a gcáilíocht a laghdú dá bharr sin, rud a fhágann nach bhfuil siad chomh frithsheasmhach céanna in aghaidh láimhseála nó a fhágann go laghdaíonn a seilfré. Baineann na cineálacha seo a leanas leis an ngrúpa sin: 'Ambrunés', 'Pico Negro', 'Pico Limón Negro' agus 'Pico Colorado'.

D'fhéadfadh cuma duán-chruthach, cothrom-cheannach, maolaithe nó fadaithe a bheith ar na torthaí.

Bíonn an bia teann agus briosc agus, ag brath ar an gcineál, athraíonn sé ó dhearg go scothbhuí nó go dath an uachtair, agus athraíonn a sú ó dhath dearg go héadathach. Bíonn dath an bhia agus an tsú cobhsaí i gcoitinne, go háirithe dath an tsú.

Tá an chloch ar cheann de shaintréithe na silíní is cobhsaí, agus tá an mhéid sa raon ó bheag ('Van') go mór ('Navalinda' agus 'Ambrunés'), agus tá an cruth sféarúil ('Ambrunés' agus 'Van'), idirmheánach ('Pico Colorado', 'Burlat' agus 'Lapins') nó fadaithe ('Pico Limón Negro').

Tá an cóimheas cloiche/torthaí sa raon ó mheánach ('Pico Colorado', 'Burlat' agus 'Lapins') go mór agus an-mhór ('Pico Limón Negro', 'Navalinda', 'Ambrunés' agus 'Van').

Bíonn éagsúlachtaí suntasacha ó thaobh faid agus tiúis i gceist leis an ngas:

— fad: gearr ('Van', 'Lapins' agus 'Burlat'), meánach ('Ambrunés' agus 'Navalinda') agus fada ('Pico Negro' agus 'Pico Colorado').

— tiús: mín ('Pico Negro' agus 'Pico Colorado'), meánach ('Ambrunés', 'Navalinda', 'Burlat' agus 'Lapins') agus tiubh ('Van').

A mhéid a bhaineann leis na saintréithe orgánaileipteacha, bíonn an meánmhéid siúcra níos airde ná an meánmhéid siúcra a fhaightear de ghnáth, agus tá comhéifeacht athraonta ann a athraíonn ag an aibíocht is fearr idir 12 g agus 24 g in aghaidh an 100 g d'úrmheáchain, ag brath ar an gcineál.

Beidh silíní atá cosanta leis an ATFC 'Cereza del Jerte' den aicme 'Breise' amháin, mar a shainítear sa chaighdeán margaíochta le haghaidh silíní arna ghlacadh i Rialachán (CE) Uimh. 214/2004.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás an ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás an TGFC)*

Tá na cineálacha 'Navalinda', 'Ambrunés', 'Pico Limón Negro', 'Pico Negro' agus 'Pico Colorado' beagnach eisiach don réigiún sin, ós rud é gur beag rath go dtí seo a bhí ar iarrachtaí chun iad a thabhairt isteach in áiteanna eile, toisc nach mbíonn siad faoi bhláth nuair nach mbíonn dálaí na hithreach, airde, uaireanta an chloig gréine, bogthaise agus córais gaoithe ceart.

Faightear na cineálacha silíní nach bhfuil gais orthu in Jerte mar thoradh ar phróiseas fada clíomúcháin agus roghnaithe leathspreagtha ó *Prunus avium L.*, ar speiceas foraoise dúchasach é atá ann gleannta sléibhe sin ón gcianaois.

Tugadh na cineálacha neamhdhúchasacha isteach ó bhí na 1960í ann ó chláir feabhsúcháin éagsúla, agus rinneadh iad a oiriúnú go hiomlán mar thoradh ar dhálaí uathúla ithreach agus aeráide Valle del Jerte agus saineolas traidisiúnta tháirgeoirí an limistéir.

Mar aon leis na feabhsuithe agus an roghnú clónach a rinne áitritheoirí Jerte, ba cheart, dá bhrí sin, tosca comhshaoil a chuireann oiriúnú na gcineálacha sin chun cinn a lua freisin, amhail:

— an bhogthaise ard, fiú i míonna an tsamhraidh,

— na leoithní sa ghleann, treoshuíomh an limistéir, an meánsolas gréine bliantúil, airde, an mhiocraeráid agus aigéadacht shláintiúil na hithreach, ar nithe iad a chríochnaíonn an scéal,

— oragrafaíocht: fástar an barr ó bhun na dtrí ghleann suas le hairdí os cionn 1 200 m. Is é an talamh idir 600 m agus 1 200 m an talamh is oiriúnaí chun na cineálacha bigarreau a fhás, ar cineálacha iad, mar aon leis na cineálacha eile a fhástar, a bhaineann aibíocht amach thar thréimhse ó dheireadh mhí Aibreáin go dtí tús mhí Lúnasa,

— is gnách go mbíonn uigeacht scaoilte gharbh ag ithreacha an limistéir, agus dúrabhán gainmheach a bhíonn ann de ghnáth. Bíonn draenáil sheachtrach go maith i gcoitinne. Bíonn an ithir aigéadach i gcónaí mar gheall ar an ábhar as a dtagann sí, agus bíonn an luach pH idir 5 agus 5,5 de ghnáth. Tá saintréithe ginearálta sin na hithreach idéalach chun an príomh-fhréamhstoc (*Prunus avium* nó silíní fiáine) agus na cineálacha silíní áitiúla a fhás,

— aeráid: tá saintréithe na dtrí ghleann atá laistigh den limistéar sainithe mar thoradh ar a gcúngacht agus a ndoimhneacht, ar a dtreoshuíomh agus ar a n-aghaidh a bheith ó dheas. Cruthaíonn éagsúlachtaí airde agus tír-raon ilroinnte dáileadh míchothrom sholas na gréine agus difríochtaí teochta idir na mullaigh agus bunanna gláracha na ngleannta, agus bíonn difríochtaí teochta de chineál foircneach ann uaireanta. Tá na difríochtaí sin san aeráid ina gcúis le difríochtaí i bhfad an tséasúir fáis agus sna tréimhsí bláthaithe/aibithe atá scaipthe thar am, mar atá luaite cheana, rud a fhágann go bhfuil difríochtaí an-suntasach ann maidir le dáta na buainte. D'fhéadfadh 40 lá a bheith idir aibiú silíní den chineál céanna.

A mhéid a bhaineann le bogthaise, léiríonn na luachanna míosúla agus bliantúla agus dáileadh na báistí go bhfuil aeráid thais Mheánmhuirí ann sa limistéar agus tréimhse shamhraidh thirim atá gearr agus suntasach ann mar thoradh ar an nganntanas báistí sna míonna teo i mí Iúil agus i mí Lúnasa, ar tréimhse í nach mbíonn aon bháisteach ann nach mór.

D'ainneoin na meánteochta bliantúla a léiríonn aeráid the i gcoitinne, bíonn difríochtaí móra teochta ann ó shéasúr go séasúr. Is cruthúnas ar dhéine na haeráide é an t-athrú teochta.

Mar fhocal scoir, tá saintréithe oragrafacha, ithreach, aeráide agus hidreolaíocha sonracha an limistéir a thuairiscítear thuas fíor-riachtanach chun táirge chomh heisiach sin agus chomh fíor sin le 'Cereza del Jerte' a tháirgeadh. Dá scoirfeadh ceann de na tosca sin de bheith ann, bheadh sé dodhéanta an táirge sin a tháirgeadh.

Tagairt foilseacháin na sonraíochta

https://www.juntaex.es/documents/77055/621148/Pliego+DOP+Cereza+del+Jerte_consolidado+200924.pdf